

IRISH STANDARD

CAIGHDEÁN ÉIREANNACH

ICS

**INFORMATION TECHNOLOGY —
IRISH 7-BIT CODED
CHARACTER SETS****TEICNEOLAÍOCHT EOLAIS —
TACAIR CARACHTAR
ÉIREANNACHA CÓDAITHE
LE 7 nGIOTÁN**

*This Irish Standard was published, in one official
bilingual version in Irish and English, under the
authority of the National Standards Authority of
Ireland and comes into effect on:
1999-xx-xx*

**NO COPYING WITHOUT NSAI PERMISSION
EXCEPT AS PERMITTED BY COPYRIGHT LAW**

National Standards
Authority of Ireland
Dublin 9

Telephone/Guthán: +353 1 807-3800

*Caighdeán Éireannach é seo a foilsíodh in aon
eagrán dátheangach amháin, as Gaeilge agus i
mBéarla, faoi údarás an Údaráis Náisiúnta um
Chaighdeáin na hÉireann, agus a mbeidh feidhm
leis ar an: 1999-xx-xx*

**COSC AR A CHÓIPEÁIL GAN CEAD CHUIGE SIN
Ó NSAI, NÓ DE RÉIR MAR A CHEADAÍONN
DLÍ AN CHÓIPCHIRT**

Údarás Náisiúnta
um Chaighdeáin na hÉireann
Baile Átha Cliath 9

Telefax/Facsa: +353 1 807-3838

**DECLARATION
OF
SPECIFICATION
ENTITLED**

INFORMATION TECHNOLOGY —
IRISH 7-BIT CODED
CHARACTER SETS

AS

THE IRISH STANDARD
SPECIFICATION FOR

INFORMATION TECHNOLOGY —
IRISH 7-BIT CODED
CHARACTER SETS

**FÓGRA
SONRAÍOCHTA
DAR
TEIDEAL**

TEICNEOLAÍOCHT EOLAIS —
TACAIR CARACHTAR ÉIREANNACHA
CÓDAITHE LE 7 nGIOTÁN

MAR

SHONRAÍOCHT CHAIGHDEÁNACH
ÉIREANNACH DO

THEICNEOLAÍOCHT EOLAIS — TACAIR
CARACHTAR ÉIREANNACHA CÓDAITHE
LE 7 nGIOTÁN

NSAI in exercise of the power conferred by section 16(3) of the National Standards Authority of Ireland Act, 1996 (No. 28 of 1996) and with the consent of the Minister for Enterprise, Trade and Employment, hereby declares as follows:

1. This instrument may be cited as the Standard Specification (Information technology — Irish 7-bit coded character sets) Declaration, 1999.

2. (1) The Specification set forth in the schedule to this declaration is hereby declared to be the standard specification for Information technology — Irish 7-bit coded character sets.

(2) The said standard specification may be cited as Irish Standard 433:1999 or I.S. 433:1999.

Lena chumhacht faoi chuid 16(3) den Acht um Údarás Náisiúnta um Chaighdeáin na hÉireann, 1996 (Uimh. 28 den bhliain 1996) agus le cead an Aire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta, fógraíonn NSAI:

1. Is féidir tagairt a dhéanamh don ionstraim seo mar Fhógra Sonraíochta Caighdeánaí (Teicneolaíocht eolais — Tacair carachtar Éireannacha códaithe le 7 ngiotán), 1999.

2. (1) Fógraítear an tSonraíocht a leagtar síos i sceideal an fhógra seo ina shonraíocht chaighdeánach do Theicneolaíocht eolais — Tacair carachtar Éireannacha códaithe le 7 ngiotán.

(2) Is féidir an tsonraíocht chaighdeánach seo a lua mar Chaighdeán Éireannach 433:1999 nó I.S. 433:1999.

Contents

Foreword	2
Specification	
1 Scope.....	3
2 Normative references.....	4
3 The Irish 7-bit coded character set for English.....	4
3.1 National option character names.....	4
4 The Irish 7-bit coded character set for Irish Gaelic.....	5
4.1 National option character names.....	5
5 Invariant character names.....	5
Tables	
1 The Irish 7-bit code table for English.....	7
2 The Irish 7-bit code table for Irish Gaelic.....	7
References	8

Foreword

This Irish Standard has been prepared by NSAI/AGITS/WG6. It is based on and, by exercising the options permitted, is fully in conformity with ISO/IEC 646:1991 *Information technology — ISO 7-bit coded character set for information interchange*.

Clár an Ábhair

Réamhrá	2
Sonraíocht	
1 Scóip.....	3
2 Tagairtí normadacha.....	4
3 Tacar carachtar Éireannach 7 ngiotán an Bhéarla.....	4
3.1 Ainmneacha na gcarachtar roghnaithe náisiúnta.....	4
4 Tacar carachtar Éireannach 7 ngiotán Ghaeilge na hÉireann.....	5
4.1 Ainmneacha na gcarachtar roghnaithe náisiúnta.....	5
5 Ainmneacha na gcarachtar do-athraithe ...	5
Táblaí	
1 Tábla códála 7 ngiotán Éireannach an Bhéarla.....	7
2 Tábla códála 7 ngiotán Éireannach Ghaeilge na hÉireann.....	7
Tagairtí	8

Réamhrá

Caighdeán Éireannach é seo a cruthaíodh ag NSAI/AGITS/WG6. Baineadh leas as roghanna ceadaithe ISO/IEC 646:1991 *Information technology — ISO 7-bit coded character set for information interchange*, agus tá sé ag teacht go huile is go hiomlán leis an gcaighdeán sin.

Specification

1 Scope

This Irish Standard specifies two Irish 7-bit coded character sets which are derived from the ISO 7-bit coded character set as described in ISO/IEC 646:1991.

This standard specifies two character sets for general use in Ireland, including control characters, letters, digits, punctuation signs and other symbols, the coded representation of each character, and the acronyms for the control characters of the sets. The functional characteristics of the control characters of the sets are not specified here but are specified in ISO/IEC 6429:1992.

The character set for the English language is identical to that of BS 4730:1993. It may be used in monolingual English contexts, especially where there is a requirement for the special characters which are replaced in the Irish character set. The character set for the Irish Gaelic language is designed to be used for 7-bit encoding of Irish texts. It will also serve for English text, except where the special characters exclusive to the English set are required. The two character sets are primarily intended for the interchange of information, both nationally and internationally, between data processing systems and associated equipment, and for use in message transmission systems.

This standard makes provision for the direct representation of 128 characters, each represented by a 7-bit pattern, and provides facilities for code extension for use when their 128 characters are insufficient for a particular application.

The code specified in this standard is fully in conformity with ISO/IEC 646:1991 by exercising the options permitted in that standard (see clause 8.3 of ISO/IEC 646:1991).

Sonraíocht

1 Scóip

Sonraítear sa Chaighdeán Éireanneach seo dhá thacar carachtar, códaithe le 7 ngiotán, bunaithe ar an tacar códála carachtar códaithe le 7 ngiotán a leagtar síos faoi ISO/IEC 646:1991.

Sonraítear sa chaighdeán seo dhá thacar carachtar atá le húsáid go coitianta in Éirinn, ina n-áirítear carachtair smachta, litreacha, digití, comharthaí poncaíochta agus síombailí eile, léiriú códaithe gach carachtair, agus aicrainmneacha do charachtair smachta na dtacar. Ní anseo, ach in ISO/IEC 6429:1992, a shonraítear tréithe feidhmiúla carachtar smachta na dtacar.

Is ionann tacar carachtar an Bhéarla agus tacar carachtar BS 4730:1993. Tá sé oiriúnach lena úsáid i dtéacsanna lán-Bhéarla, go háirithe nuair is gá na carachtair speisialta nach bhfuil i dtacar carachtar na Gaeilge a úsáid. Is chun téacsanna Gaeilge a chódú le 7 ngiotán a cruthaíodh tacar carachtar seo Ghaeilge na hÉireann. Oireann sé díreach chomh maith céanna do théacsanna Béarla, ach amháin i gcás na gcarachtar speisialta sin nach mbaineann ach le tacar an Bhéarla. Chun eolas a mhalartú idir córais phróiseála sonraí agus trealamh cocheangailte ar ardáin náisiúnta agus ar ardáin idirnáisiúnta, a leagadh síos an dá chaighdeán seo, agus lena n-úsáid i gcórais ríomhphoist.

Sonraíonn an caighdeán seo léiriú lom 128 gcarachtar, códaithe i bpatrún 7 ngiotán, agus leagann síos bealaí le cur leis an gcód sin i gcásanna ar leith, nuair nach leor 128 gcarachtar chun na hoibre.

Tá an cód atá á shonrú sa chaighdeán seo ag teacht go huile is go hiomlán le hISO/IEC 646:1991, agus é úsáid a bhaint as na roghanna ceadaithe sa chaighdeán sin (féach alt 8.3 de ISO/IEC 646:1991).

The font design of characters is not specified in this standard.

Ní shonraítear sa chaighdeán seo dearadh chruth na gcarachtar i gclófhoinne.

2 Normative references

This Part of I.S. 433:1999 incorporates, by reference, provisions from specific editions of other publications. These normative references are cited at the appropriate points in the text and the publications are listed in the References below. Subsequent amendments to, or revisions of, any of these publications apply to this Part of I.S. 433:1999 only when incorporated in it by updating or revision.

2 Tagairtí normadacha

Glacann Cuid seo I.S. 433:1999 isteach, i bhfoirm tagairtí, sonraí in eagrán áirithe de fhoilseacháin áirithe. Luaitear na tagairtí sin tríd síos tríd an téacs seo, de réir mar is cuí, agus tugtar liosta de na foilseacháin sin sa Tagairtí thíos. Má leasaítear ceann ar bith do na foilseacháin seo amach anseo, ní bheidh éifeacht ag an leasú sin ar an gCuid seo de chaighdeán I.S. 433:1999 mura ndéantar é sin a leasú dá réir.

3 The Irish 7-bit coded character set for English

The Irish 7-bit coded character set for English shall be given as in Table 1.

3 Tacar carachtar Éireannach 7 ngiotán an Bhéarla

Tá tacar códaithe carachtar Éireannach an Bhéarla de réir mar atá leagtha síos faoi Thábla 1 anseo.

3.1 National option character names

The names of the characters selected under the national options under clause 8.3 of ISO/IEC 646:1991 are as follows:

3.1 Ainmneacha na gcarachtar roghnaithe náisiúnta

Seo leanas ainmneacha roghnaithe náisiúnta na gcarachtar faoi alt 8.3 de ISO/IEC 646:1991:

Bits	Hex	UCS	Name
2/3	23	00A3	POUND SIGN
2/4	24	0024	DOLLAR SIGN
4/0	40	0040	COMMERCIAL AT
5/11	5B	005B	LEFT SQUARE BRACKET
5/12	5C	005C	REVERSE SOLIDUS
5/13	5D	005D	RIGHT SQUARE BRACKET
5/14	5E	005E	CIRCUMFLEX ACCENT
6/0	60	0060	GRAVE ACCENT
7/11	7B	007B	LEFT CURLY BRACKET
7/12	7C	007C	VERTICAL LINE
7/13	7D	007D	RIGHT CURLY BRACKET
7/14	7E	007E	TILDE

Giot.	Sédh.	UCS	Ainm
2/3	23	00A3	COMHARTHA PUINT
2/4	24	0024	COMHARTHA DOLLAIR
4/0	40	0040	COMHARTHA TRÁDÁLACH AR
5/11	5B	005B	LÚIBÍN CEARNACH AR CLÉ
5/12	5C	005C	SOLADAS TUATHAIL
5/13	5D	005D	LÚIBÍN CEARNACH AR DHEIS
5/14	5E	005E	CUAIRÍN
6/0	60	0060	GRAIF
7/11	7B	007B	LÚIBÍN CASTA AR CLÉ
7/12	7C	007C	LÍNE INGEARACH
7/13	7D	007D	LÚIBÍN CASTA AR DHEIS
7/14	7E	007E	TIOLDA

NOTE: “UCS” is the Universal Character Set, ISO/IEC 10646.

NÓTA: Olltacar Carachtar, ISO/IEC 10646, a gciallaíonn “UCS”.

4 The Irish 7-bit coded character set for Irish Gaelic

The Irish 7-bit coded character set for Irish Gaelic shall be given as in Table 2.

4.1 National option character names

The names of the characters selected under the national options under clause 8.3 of ISO/IEC 646:1991 are as follows:

Bits	Hex	UCS	Name
2/3	23	00A3	POUND SIGN
2/4	24	0024	DOLLAR SIGN
4/0	40	00D3	LATIN CAPITAL LETTER O WITH ACUTE
5/11	5B	00C9	LATIN CAPITAL LETTER E WITH ACUTE
5/12	5C	00CD	LATIN CAPITAL LETTER I WITH ACUTE
5/13	5D	00DA	LATIN CAPITAL LETTER U WITH ACUTE
5/14	5E	00C1	LATIN CAPITAL LETTER A WITH ACUTE
6/0	60	00F3	LATIN SMALL LETTER O WITH ACUTE
7/11	7B	00E9	LATIN SMALL LETTER E WITH ACUTE
7/12	7C	00ED	LATIN SMALL LETTER I WITH ACUTE
7/13	7D	00FA	LATIN SMALL LETTER U WITH ACUTE
7/14	7E	00E1	LATIN SMALL LETTER A WITH ACUTE

NOTE 1: “UCS” is the Universal Character Set, ISO/IEC 10646.

NOTE 2: The use of backspace or carriage return, described in clause 7 of ISO/IEC 646:1991 as a possible means to form composite graphic characters, is deprecated for both of these character sets.

5 Invariant character names

The names of the invariant characters of ISO/IEC 646:1991 are as follows:

Bits	Hex	UCS	Name
2/0	20	0020	SPACE (SP)
2/1	21	0021	EXCLAMATION MARK
2/2	22	0022	QUOTATION MARK
2/5	25	0025	PERCENT SIGN
2/6	26	0026	AMPERSAND
2/7	27	0027	APOSTROPHE
2/8	28	0028	LEFT PARENTHESIS
2/9	29	0029	RIGHT PARENTHESIS
2/10	2A	002A	ASTERISK
2/11	2B	002B	PLUS SIGN
2/12	2C	002C	COMMA
2/13	2D	002D	HYPHEN-MINUS
2/14	2E	002E	FULL STOP
2/15	2F	002F	SOLIDUS
3/0	30	0030	DIGIT ZERO
3/1	31	0031	DIGIT ONE
3/2	32	0032	DIGIT TWO
3/3	33	0033	DIGIT THREE

4 Tacar carachtar Éireannach 7 ngiotán Ghaeilge na hÉireann

Tá tacar códaithe carachtar Éireannach Ghaeilge na hÉireann de réir mar atá leagtha síos faoi Thábla 2 anseo.

4.1 Ainmneacha na gcarachtar roghnaithe náisiúnta

Seo leanas ainmneacha roghnaithe náisiúnta na gcarachtar faoi alt 8.3 de ISO/IEC 646:1991:

Giot.	Sédh.	UCS	Ainm
2/3	23	00A3	COMHARTHA PUINT
2/4	24	0024	COMHARTHA DOLLAIR
4/0	40	00D3	LITIR MHÓR LAIDINE O LE hAGÚID
5/11	5B	00C9	LITIR MHÓR LAIDINE E LE hAGÚID
5/12	5C	00CD	LITIR MHÓR LAIDINE I LE hAGÚID
5/13	5D	00DA	LITIR MHÓR LAIDINE U LE hAGÚID
5/14	5E	00C1	LITIR MHÓR LAIDINE A LE hAGÚID
6/0	60	00F3	LITIR BHEAG LAIDINE O LE hAGÚID
7/11	7B	00E9	LITIR BHEAG LAIDINE E LE hAGÚID
7/12	7C	00ED	LITIR BHEAG LAIDINE I LE hAGÚID
7/13	7D	00FA	LITIR BHEAG LAIDINE U LE hAGÚID
7/14	7E	00E1	LITIR BHEAG LAIDINE A LE hAGÚID

NÓTA 1: Olltacar Carachtar, ISO/IEC 10646, a gciallaíonn “UCS”.

NÓTA 2: Ní mholtar, i gcás ceachtar den dá thacar carachtar seo, dul i muinín chúlspás nó aishilleadh carráiste a úsáid chun carachtair ghrafacha chomhdhéanta a chruthú, ainneoin go bhfuil cur síos air sin in alt 7 de ISO/IEC 646:1991.

5 Ainmneacha na gcarachtar do-athraithe

Seo leanas ainmneacha na gcarachtar de ISO/IEC 646:1991 atá do-athraithe:

Giot.	Sédh.	UCS	Ainm
2/0	20	0020	SPÁS (SP)
2/1	21	0021	COMHARTHA UAILLBHREASA
2/2	22	0022	COMHARTHA ATHFHRIOTÁIL
2/5	25	0025	COMHARTHA CÉATADÁIN
2/6	26	0026	COMHARTHA AGUIS
2/7	27	0027	UASCHAMÓG
2/8	28	0028	IDIRAINÉIS AR CLÉ
2/9	29	0029	IDIRAINÉIS AR DHEIS
2/10	2A	002A	RÉILTÍN
2/11	2B	002B	COMHARTHA MÓIDE
2/12	2C	002C	CAMÓG
2/13	2D	002D	FLEISCÍN-LÚIDE
2/14	2E	002E	LÁNSTAD
2/15	2F	002F	SOLADAS
3/0	30	0030	DIGIT A NÁID
3/1	31	0031	DIGIT A hAON
3/2	32	0032	DIGIT A DÓ
3/3	33	0033	DIGIT A TRÍ

3/4	34	0034	DIGIT FOUR	3/4	34	0034	DIGIT A CEATHAIR
3/5	35	0035	DIGIT FIVE	3/5	35	0035	DIGIT A CÚIG
3/6	36	0036	DIGIT SIX	3/6	36	0036	DIGIT A SÉ
3/7	37	0037	DIGIT SEVEN	3/7	37	0037	DIGIT A SEACHT
3/8	38	0038	DIGIT EIGHT	3/8	38	0038	DIGIT A hOCHT
3/9	39	0039	DIGIT NINE	3/9	39	0039	DIGIT A NAOI
3/10	3A	003A	COLON	3/10	3A	003A	IDIRSTAD
3/11	3B	003B	SEMICOLON	3/11	3B	003B	LEATHSTAD
3/12	3C	003C	LESS-THAN SIGN	3/12	3C	003C	COMHARTHA NÍOS LÚ
3/13	3D	003D	EQUALS SIGN	3/13	3D	003D	COMHARTHA COTHROMAIS
3/14	3E	003E	GREATER-THAN SIGN	3/14	3E	003E	COMHARTHA NÍOS MÓ
3/15	3F	003F	QUESTION MARK	3/15	3F	003F	COMHARTHA CEISTE
4/1	41	0041	LATIN CAPITAL LETTER A	4/1	41	0041	LITIR MHÓR LAIDINE A
4/2	42	0042	LATIN CAPITAL LETTER B	4/2	42	0042	LITIR MHÓR LAIDINE B
4/3	43	0043	LATIN CAPITAL LETTER C	4/3	43	0043	LITIR MHÓR LAIDINE C
4/4	44	0044	LATIN CAPITAL LETTER D	4/4	44	0044	LITIR MHÓR LAIDINE D
4/5	45	0045	LATIN CAPITAL LETTER E	4/5	45	0045	LITIR MHÓR LAIDINE E
4/6	46	0046	LATIN CAPITAL LETTER F	4/6	46	0046	LITIR MHÓR LAIDINE F
4/7	47	0047	LATIN CAPITAL LETTER G	4/7	47	0047	LITIR MHÓR LAIDINE G
4/8	48	0048	LATIN CAPITAL LETTER H	4/8	48	0048	LITIR MHÓR LAIDINE H
4/9	49	0049	LATIN CAPITAL LETTER I	4/9	49	0049	LITIR MHÓR LAIDINE I
4/10	4A	004A	LATIN CAPITAL LETTER J	4/10	4A	004A	LITIR MHÓR LAIDINE J
4/11	4B	004B	LATIN CAPITAL LETTER K	4/11	4B	004B	LITIR MHÓR LAIDINE K
4/12	4C	004C	LATIN CAPITAL LETTER L	4/12	4C	004C	LITIR MHÓR LAIDINE L
4/13	4D	004D	LATIN CAPITAL LETTER M	4/13	4D	004D	LITIR MHÓR LAIDINE M
4/14	4E	004E	LATIN CAPITAL LETTER N	4/14	4E	004E	LITIR MHÓR LAIDINE N
4/15	4F	004F	LATIN CAPITAL LETTER O	4/15	4F	004F	LITIR MHÓR LAIDINE O
5/0	50	0050	LATIN CAPITAL LETTER P	5/0	50	0050	LITIR MHÓR LAIDINE P
5/1	51	0051	LATIN CAPITAL LETTER Q	5/1	51	0051	LITIR MHÓR LAIDINE Q
5/2	52	0052	LATIN CAPITAL LETTER R	5/2	52	0052	LITIR MHÓR LAIDINE R
5/3	53	0053	LATIN CAPITAL LETTER S	5/3	53	0053	LITIR MHÓR LAIDINE S
5/4	54	0054	LATIN CAPITAL LETTER T	5/4	54	0054	LITIR MHÓR LAIDINE T
5/5	55	0055	LATIN CAPITAL LETTER U	5/5	55	0055	LITIR MHÓR LAIDINE U
5/6	56	0056	LATIN CAPITAL LETTER V	5/6	56	0056	LITIR MHÓR LAIDINE V
5/7	57	0057	LATIN CAPITAL LETTER W	5/7	57	0057	LITIR MHÓR LAIDINE W
5/8	58	0058	LATIN CAPITAL LETTER X	5/8	58	0058	LITIR MHÓR LAIDINE X
5/9	59	0059	LATIN CAPITAL LETTER Y	5/9	59	0059	LITIR MHÓR LAIDINE Y
5/10	5A	005A	LATIN CAPITAL LETTER Z	5/10	5A	005A	LITIR MHÓR LAIDINE Z
5/15	5F	005F	LOW LINE	5/15	5F	005F	LÍNE ÍSEAL
6/1	61	0061	LATIN SMALL LETTER A	6/1	61	0061	LITIR BHEAG LAIDINE A
6/2	62	0062	LATIN SMALL LETTER B	6/2	62	0062	LITIR BHEAG LAIDINE B
6/3	63	0063	LATIN SMALL LETTER C	6/3	63	0063	LITIR BHEAG LAIDINE C
6/4	64	0064	LATIN SMALL LETTER D	6/4	64	0064	LITIR BHEAG LAIDINE D
6/5	65	0065	LATIN SMALL LETTER E	6/5	65	0065	LITIR BHEAG LAIDINE E
6/6	66	0066	LATIN SMALL LETTER F	6/6	66	0066	LITIR BHEAG LAIDINE F
6/7	67	0067	LATIN SMALL LETTER G	6/7	67	0067	LITIR BHEAG LAIDINE G
6/8	68	0068	LATIN SMALL LETTER H	6/8	68	0068	LITIR BHEAG LAIDINE H
6/9	69	0069	LATIN SMALL LETTER I	6/9	69	0069	LITIR BHEAG LAIDINE I
6/10	6A	006A	LATIN SMALL LETTER J	6/10	6A	006A	LITIR BHEAG LAIDINE J
6/11	6B	006B	LATIN SMALL LETTER K	6/11	6B	006B	LITIR BHEAG LAIDINE K
6/12	6C	006C	LATIN SMALL LETTER L	6/12	6C	006C	LITIR BHEAG LAIDINE L
6/13	6D	006D	LATIN SMALL LETTER M	6/13	6D	006D	LITIR BHEAG LAIDINE M
6/14	6E	006E	LATIN SMALL LETTER N	6/14	6E	006E	LITIR BHEAG LAIDINE N
6/15	6F	006F	LATIN SMALL LETTER O	6/15	6F	006F	LITIR BHEAG LAIDINE O
7/0	70	0070	LATIN SMALL LETTER P	7/0	70	0070	LITIR BHEAG LAIDINE P
7/1	71	0071	LATIN SMALL LETTER Q	7/1	71	0071	LITIR BHEAG LAIDINE Q
7/2	72	0072	LATIN SMALL LETTER R	7/2	72	0072	LITIR BHEAG LAIDINE R
7/3	73	0073	LATIN SMALL LETTER S	7/3	73	0073	LITIR BHEAG LAIDINE S
7/4	74	0074	LATIN SMALL LETTER T	7/4	74	0074	LITIR BHEAG LAIDINE T
7/5	75	0075	LATIN SMALL LETTER U	7/5	75	0075	LITIR BHEAG LAIDINE U
7/6	76	0076	LATIN SMALL LETTER V	7/6	76	0076	LITIR BHEAG LAIDINE V
7/7	77	0077	LATIN SMALL LETTER W	7/7	77	0077	LITIR BHEAG LAIDINE W
7/8	78	0078	LATIN SMALL LETTER X	7/8	78	0078	LITIR BHEAG LAIDINE X
7/9	79	0079	LATIN SMALL LETTER Y	7/9	79	0079	LITIR BHEAG LAIDINE Y
7/10	7A	007A	LATIN SMALL LETTER Z	7/10	7A	007A	LITIR BHEAG LAIDINE Z
7/15	7F	007F	DELETE (DEL)	7/15	7F	007F	DEALAIH (DEL)

NOTE: "UCS" is the Universal Character Set, ISO/IEC 10646.

NÓTA: Olltacar Carachtar, ISO/IEC 10646, a gciallaíonn "UCS".

Table 1. The Irish 7-bit code table for English

Tábla 1. Tábla códála 7 ngiotán Éireannach an Bhéarla

Bits Giotáin		b ₇	b ₆	b ₅	b ₄	b ₃	b ₂	b ₁	Row Rang	Column/Colún								
									0	1	2	3	4	5	6	7		
0	0	0	0	0	0	0	0	0	NUL	☐	DLE	☒	SP	0	@	P	`	p
0	0	0	1	1					SOH	☐	DC1	☉	!	1	A	Q	a	q
0	0	1	0	2					STX	⊥	DC2	☉	"	2	B	R	b	r
0	0	1	1	3					ETX	⌋	DC3	☉	£	3	C	S	c	s
0	1	0	0	4					EOT	↖	DC4	☉	\$	4	D	T	d	t
0	1	0	1	5					ENQ	✖	NAK	✓	%	5	E	U	e	u
0	1	1	0	6					ACK	✓	SYN	⌚	ξ	6	F	V	f	v
0	1	1	1	7					BEL	☉	ETB	↵	'	7	G	W	g	w
1	0	0	0	8					BS	←	CAN	⊗	(8	H	X	h	x
1	0	0	1	9					HT	→	EM	⚡)	9	I	Y	i	y
1	0	1	0	10/A					LF	≡	SUB	?	*	:	J	Z	j	z
1	0	1	1	11/B					VT	↓	ESC	☉	+	;	K	[k	{
1	1	0	0	12/C					FF	⚡	IS4/FS	☐	,	<	L	\	l	
1	1	0	1	13/D					CR	↵	IS3/GS	☐	-	=	M]	m	}
1	1	1	0	14/E					SO	⊗	IS2/RS	☐	.	>	N	^	n	~
1	1	1	1	15/F					SI	☉	IS1/US	☐	/	?	O	_	o	DEL

Table 2. The Irish 7-bit code table for Irish Gaelic

Tábla 2. Tábla códála 7 ngiotán Éireannach Ghaeilge na hÉireann

Bits Giotáin		b ₇	b ₆	b ₅	b ₄	b ₃	b ₂	b ₁	Row Rang	Column/Colún								
									0	1	2	3	4	5	6	7		
0	0	0	0	0	0	0	0	0	NUL	☐	DLE	☒	SP	0	Ó	P	ó	p
0	0	0	1	1					SOH	☐	DC1	☉	!	1	A	Q	a	q
0	0	1	0	2					STX	⊥	DC2	☉	"	2	B	R	b	r
0	0	1	1	3					ETX	⌋	DC3	☉	£	3	C	S	c	s
0	1	0	0	4					EOT	↖	DC4	☉	\$	4	D	T	d	t
0	1	0	1	5					ENQ	✖	NAK	✓	%	5	E	U	e	u
0	1	1	0	6					ACK	✓	SYN	⌚	ξ	6	F	V	f	v
0	1	1	1	7					BEL	☉	ETB	↵	'	7	G	W	g	w
1	0	0	0	8					BS	←	CAN	⊗	(8	H	X	h	x
1	0	0	1	9					HT	→	EM	⚡)	9	I	Y	i	y
1	0	1	0	10/A					LF	≡	SUB	?	*	:	J	Z	j	z
1	0	1	1	11/B					VT	↓	ESC	☉	+	;	K	É	k	é
1	1	0	0	12/C					FF	⚡	IS4/FS	☐	,	<	L	Í	l	í
1	1	0	1	13/D					CR	↵	IS3/GS	☐	-	=	M	Ú	m	ú
1	1	1	0	14/E					SO	⊗	IS2/RS	☐	.	>	N	Á	n	á
1	1	1	1	15/F					SI	☉	IS1/US	☐	/	?	O	_	o	DEL

NOTE: Graphic representation of control characters follows ISO 2047:1975; the dark bordered-boxes show the national option exercised under clause 8.3 of ISO/IEC 646:1991.

NÓTA: Tá léiriú grafach na gcarachtar smachta ag teacht le hISO 2047:1975; tá línte dubha timpeall ar charachtair a bhaineann leis an rogha náisiúnta a rinneadh faoi alt 8.3 de ISO/IEC 646:1991.

References (see clause 2)

Tagairtí (féach alt 2)

Normative references

Tagairtí normadacha

ISO/IEC standards publications

Foilsiúcháin a bhaineann le caighdeán ISO/IEC

ISO/IEC 646:1991 *Information technology — ISO 7-bit coded character set for information interchange.*

ISO/IEC 646:1991 *Information technology — ISO 7-bit coded character set for information interchange.*

ISO/IEC 6429:1992 *Control functions for ISO 7-bit and 8-bit coded character sets.*

ISO/IEC 6429:1992 *Control functions for ISO 7-bit and 8-bit coded character sets.*

ISO/IEC 10646-1:1993 *Information technology — Universal Multiple-Octet Coded Character Set (UCS) — Part 1: Architecture and Basic Multilingual Plane.*

ISO/IEC 10646-1:1993 *Information technology — Universal Multiple-Octet Coded Character Set (UCS) — Part 1: Architecture and Basic Multilingual Plane.*

ISO 2047:1975 *Information processing — Graphical representations for the control characters of the 7-bit coded character set.*


ISO 2047:1975 *Information processing — Graphical representations for the control characters of the 7-bit coded character set.*

Informative reference

Tagairt mar eolas

BS 4730:1993 *Specification for UK 7-bit coded character set.*

BS 4730:1993 *Specification for UK 7-bit coded character set.*



GIVEN under the Seal of the National Standards Authority of Ireland
TUGTHA faoi Shéala an Údaráis Naisiúnta um Chaighdeáin na hÉireann

Director
Stiúrthóir

Chief Executive
Príomhfheidhmeannach

The Minister for Enterprise, Trade and Employment hereby gives his consent under Section 16 of the National Standards Authority of Ireland Act, 1996, to the above declaration.

Tugann an tAire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta cead faoi chuid 16 den Acht um Údarás Naisiúnta um Chaighdeáin na hÉireann, 1996, don bhfógra thuas.

An Officer of the Department of Enterprise, Trade and Employment duly authorized under Section 15(4) of the Ministers and Secretaries Act, 1924, to authenticate instruments (under the National Standards Authority of Ireland Act, 1996) made by the Minister for Enterprise, Trade and Employment.

Oifigeach den Roinn Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta, le húdarás mar is cóir faoi Chuid 15(4) den Acht um Airí agus Rúnaithe, 1924, chun ionstraimí de chuid an Aire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta a dhearbhú (faoi Acht um Údarás Naisiúnta um Chaighdeáin na hÉireann, 1996).